# An aidiacht shealbhach

## 1. Athruithe ar thúslitir an ainmfhocail a thagann ina diaidh

| | | |
|---|---|---|
| 1ú uatha<br>= **mé** | **mo** + séimhiú ar chonsain<br>(seachas *fh* + guta)<br><br>**m'** + gan athrú ar ghutaí<br>**m'** + séimhiú ar *fh* + guta | *mo chóta, mo pheann, mo fhreagra*<br><br><br>*m'aiste, m'úll*<br>*m'fhiacla* |
| 2ú uatha<br>= **tú** | **do** + séimhiú ar chonsain<br>(seachas *fh* + guta)<br><br>**d'** + gan athrú ar ghutaí<br>**d'** + séimhiú ar *fh* + guta | *do chóta, do pheann, do fhreagra*<br><br><br>*d'aiste, d'úll*<br>*d'fhiacla* |
| 3ú uatha fir.<br>= **é** | **a** + séimhiú ar chonsain<br><br>**a** + gan athrú ar gutaí | *a chóta, a pheann, a fhiacla*<br><br>*a aiste, a úll* |
| 3ú uatha bain.<br>= **í** | **a** + gan athrú ar chonsain<br><br>**a** + *h* roimh ghutaí | *a cóta, a peann, a fiacla*<br><br>*a haiste, a húll* |
| 1ú iolra<br>= **muid/sinn** | **ár** + urú | *ár gcótaí, ár bpinn, ár bhfiacla*<br><br>*ár n-aistí, ár n-úlla* |
| 2ú iolra<br>= **sibh** | **bhur** + urú | *bhur gcótaí, bhur bpinn, bhur bhfiacla*<br><br>*bhur n-aistí, bhur n-úlla* |
| 3ú iolra<br>= **iad** | **a** + urú | *a gcótaí, a bpinn, a bhfiacla*<br><br>*a n-aistí, a n-úlla* |

## 2. Cumasc le réamhfhocail

Nuair a thagann réamhfhocal a chríochnaíonn ar ghuta roimh aidiacht shealbhach a thosaíonn ar ghuta, déantar cumasc idir an dá fhocal. Na hathruithe a léirítear thuas maidir le túslitir an ainmfhocail a thagann i ndiaidh na haidiachta sealbhaí, cuirtear i bhfeidhm iad i ndiaidh na gcumasc seo mar an gcéanna.

| | | |
|---|---|---|
| **de** | de + a > **dá** | *thit sé dá chapall/asal*<br>*thit sí dá capall/hasal*<br>*thit siad dá gcapaill/n-asail* |
| | de + ár > **dár** | *thiteamar dár gcapaill/n-asail* |
| **do** | do + a > **dá** | *thug sé cabhair dá chara/athair*<br>*thug sí cabhair dá cara/hathair*<br>*thug siad cabhair dá gcairde/n-athair* |
| | do + ár > **dár** | *thugamar cabhair dár gcairde/n-athair* |
| **faoi** | faoi + a > **faoina** | *chuir sé faoina chasóg/ascaill é*<br>*chuir sí faoina casóg/hascaill é*<br>*chuir siad faoina gcasóga/n-ascaillí iad* |
| | faoi + ár > **faoinár** | *chuireamar faoinár gcasóga/n-ascaillí iad* |
| **i** | i + a > **ina** | *tá sé ina chodladh/aonar*<br>*tá sí ina codladh/haonar*<br>*tá siad ina gcodladh/n-aonar* |
| | i + ár > **inár** | *táimid inár gcodladh/n-aonar* |
| **le** | le + a > **lena** | *labhair sé lena chara/athair*<br>*labhair sí lena cara/hathair*<br>*labhair siad lena gcairde/n-athair* |
| | le + ár > **lenár** | *labhraíomar lenár gcairde/n-athair* |
| **ó** | ó + a > **óna** | *fuair sé litir óna dhlíodóir/aintín*<br>*fuair sí litir óna dlíodóir/haintín*<br>*fuair siad litir óna ndlíodóir/n-aintín* |
| | ó + ár > **ónár** | *fuaireamar litir ónár ndlíodóir/n-aintín* |
| **trí** | trí + a > **trína** | *chuir sé líne trína fhreagra/ainm*<br>*chuir sí líne trína freagra/hainm*<br>*chuir siad líne trína bhfreagraí/n-ainmneacha* |
| | trí + ár > **trínár** | *chuireamar líne trínár bhfreagraí/n-ainmneacha* |

### 3. Leis an ainm briathartha chun cuspóir (oibiacht) an bhriathair a léiriú

Tá an aidiacht shealbhach *a* san áireamh san fhoirm chumaiscthe *á* thíos agus déantar na hathruithe cuí ar thúslitir an ainmfhocail i ndiaidh *á* mar a léirítear thuas.

| | | |
|---|---|---|
| 1ú uatha | *tá sé* ***do mo*** *ghortú* | *bhí an madra* ***do m'****ionsaí* |
| 2ú uatha | *tá sé* ***do do*** *ghortú* | *bhí an madra* ***do d'****ionsaí* |
| 3ú uatha fir. | *tá sé* ***á*** *ghortú* | *bhí an madra* ***á*** *ionsaí* |
| 3ú uatha bain | *tá sé* ***á*** *gortú* | *bhí an madra* ***á*** *hionsaí* |
| 1ú iolra | *tá sé* ***dár*** *ngortú* | *bhí an madra* ***dár*** *n-ionsaí* |
| 2ú iolra | *tá sé* ***do bhur*** *ngortú* | *bhí an madra* ***do bhur*** *n-ionsaí* |
| 3ú iolra | *tá sé* ***á*** *ngortú* | *bhí an madra* ***á*** *n-ionsaí* |